Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10506 - PARKER / MEGGITT)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 102/06)

1. An 21 Feabhra 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Parker-Hannifin Corporation ("Parker", Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Meggitt PLC ("Meggitt", An Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh Parker rialú aonair ar Meggitt ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Dearann, monaraíonn agus soláthraíonn Parker teicneolaíochtaí agus córais le haghaidh gluaisne agus rialúcháin, agus soláthraíonn sé réitigh beacht-innealtóireachta do chineálacha éagsúla margaí trealaimh mhóibíleach, margaí tionsclaíocha agus margaí aeraspáis,

— Dearann, monaraíonn agus soláthraíonn Meggitt comhpháirteanna agus fochórais le haghaidh margaí aeraspáis agus cosanta, agus feidhmeanna fuinnimh ar leith, ar leibhéal domhanda.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10506 – PARKER / MEGGITT

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
AN BHEILG